



An Bhruiséil, 6 Nollaig 2016
(OR. en)

15283/16

CFSP/PESC 1004
CSDP/PSDC 699
COPS 378
POLMIL 147
EUMC 146

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	6 Nollaig 2016
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	15208/1/16 REV 1 CFSP/PESC 1000 CSDP/PSDC 695 COPS 359 POLMIL 146 EUMC 144
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Dearbhaithe Chomhpháirtigh ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Dearbhaithe Chomhpháirtigh ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh, a ghlac an Chomhairle ag an 3506ú cruinniú a bhí aici ar an 6 Nollaig 2016.

Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chun feidhme an Dearbhaithe Chomhpháirtigh ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh

1. Meabhraíonn an Chomhairle na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 28 Meitheamh 2016 inar iarradh go bhfeabhsófaí tuilleadh an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus ECAT trí oibriú le gach Ballstát chun tairbhe gach Ballstát, i bhfianaise na n-aidhmeanna agus na luachanna atá i gcoitinne againn agus na ndúshlán gan fasach atá os comhair an dá eagraíocht. Tá ár slándáil idirnasctha: le chéile, is féidir linn leas a bhaint as raon leathan uirlisí agus an úsáid is éifeachtúla a bhaint as acmhainní chun aghaidh a thabhairt ar na dúshlán sin agus chun slándáil ár saoránach a fheabhsú. I ndáil leis sin, tá gá le bealaí nua feabhsaithe chun oibriú le chéile ar bhealach uailmhianach agus pragmatach agus é mar chuspóir foriomlán leo fíorchaidreamh a fhorbairt idir na heagraíochtaí.
2. Leanfar den chomhar idir an tAontas Eorpach agus ECAT a dhéanamh de mheon lánoscailte agus trédhearcach agus uathriail agus nósanna imeachta cinnteoireachta an dá eagraíocht á n-urramú go hiomlán. Beidh sé bunaithe ar phrionsabail na cuimsitheachta agus na cómhálartachta gan dochar do chineál ar leith bheartas slándála agus cosanta aon Bhallstáit.
3. Is díol sásaimh don Chomhairle an Dearbhú Comhpháirteach a shínigh Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh i Vársá ar an 8 Iúil 2016. Tugtar leis spreagadh agus tathag nua don chomhar idir an tAontas agus ECAT i réimsí amhail cur i gcoinne bagairtí hibrideacha; comhar oibríochtúil lena n-áirítear ar muir agus, i gcomhréir leis na Conclúidí ón gComhairle ó mhí na Samhna 2016, maidir le himirce neamhrialta; cibearshlándáil agus cibearchosaint; cumais chosanta; an tionscal cosanta agus taighde cosanta; freachnaimh; tacú le hiarrachtaí fothaithe acmhainní ár gcomhpháirtithe sna Balcáin Thiar agus i gcomharsanachtaí an Oirthir agus an Deiscirt agus a dteacht aniar a neartú.

4. Príomhthosaíocht pholaitiúil don Aontas Eorpach is ea cur chun feidhme an Dearbhaithe Chomhpháirtigh. Is gné lárnach é d'iarrachtaí níos leithne atá dírithe ar chumas an Aontais gníomhú mar sholáthróir slándála a neartú, i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme i réimse na Slándála agus na Cosanta agus maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Cosanta don Eoraip.
5. Is díol sásaimh don Chomhairle an dul chun cinn a rinneadh maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach agus ECAT a bhrú ar aghaidh, go háirithe ó síníodh an Dearbhú Comhpháirteach lena n-áirítear maidir le nósanna imeachta agus le leabhair teaicticí comhthreomhara a chur chun feidhme agus a chur faoi lán seoil don idirghníomhaíocht i ndáil le cur i gcoinne bagairtí hibrídeacha; comhar agus comhordú oibríochtúil a fheabhsú ar shaincheisteanna muirí lena n-áirítear idir oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh sa Mheánmhuir Láir-Theas (EUNAVFOR MED) Sophia agus Oibríocht Sea Guardian sa Mheánmhuir chun a gcuid sainorduithe a chur chun feidhme, ag forbairt ar an gcomhar rathúil idir an tAontas Eorpach agus ECAT sa Mhuir Aeigéach; freachnaimh chomhthreomhara chomhordaithe a fhorbairt, i réimse na cumarsáide straitéisí chomh maith, d'fhonn teacht aniar a chothú. Déanfar an comhar idir an tAontas agus ECAT i réimse na bhfreachnamh agus urraim iomlán á tabhairt do Chreat an Aontais um Beartas Freachnamh.
6. D'fhonn an dul chun cinn sin a chomhdhlúthú agus dul chun cinn breise a áirithiú sna réimsí uile a liostaítear sa Dearbhú Comhpháirteach, formhuiníonn an Chomhairle an tsraith chomhchoiteann tograí atá i gceangal san Iarscríbhinn. Gníomhaíochtaí nithiúla is ea iad do chur chun feidhme an Dearbhaithe Chomhpháirtigh a d'fhorbair an tAontas Eorpach (SEGS agus seirbhísí an Choimisiúin, leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint) in éineacht le ECAT. Ní doiciméad leithleach í an tsraith chomhchoiteann tograí agus caithfear í a léamh i gcomhar leis na conclúidí seo ón gComhairle agus cuirfear iad araon chun feidhme i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach thuas.
7. Tá an tsraith chomhchoiteann tograí á formhuiniú ag ECAT i bpróiseas comhthreomhar trí Chomhairle an Atlantaigh Thuaidh.

8. Cuireann an Chomhairle in iúl go bhfuil 'tacar aonair fórsaí' ag na Ballstáit ar féidir leo a úsáid i gcreataí éagsúla. Le forbairt chomhleanúnach ar chumais na mBallstát trí phróisis an Aontais agus ECAT faoi seach, cabhrófar freisin chun na cumais a d'fhéadfadh a bheith ar fáil don dá eagraíocht a neartú agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna don éagsúlacht sa dá chineál eagraíocht agus do na freagrachtaí éagsúla atá acu. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh don Chomhairle an dlúthchomhar leantach neartaitheachle ECAT i réimsí leasa choitinn, go straitéiseach agus go hoibríochtúil araon, sa bhainistiú géarchéimeanna ar mhaithe leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta agus i bhforbairt na gcumas cosanta nuair is ionann a n-éilimh.

9. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí/Leas-Uachtarán/ar Cheannaire na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, tús a chur láithreach leis an obair chun an tsraith chomhchoiteann tograí a chur chun feidhme agus a áirithiú, ar an gcaoi sin, go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán agus go mbeidh siad trédhearcach. Ba cheart tuarascálacha ar chur chun feidhme a chur ar fáil, lena n-áirítear moltaí féideartha don chomhar amach anseo, ar bhonn débhlantúil ag tosú faoi dheireadh mhí an Mheithimh 2017.

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Sraith chomhchoiteann tograí do chur chun feidhme an Dearbhaithe Chomhpháirtigh ó Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Ardrúnaí Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh

1. Cur i gcoinne bagairtí hibrideacha

Ón earrach 2016 i leith, tá an tAontas Eorpach agus ECAT ag cur nósanna imeachta agus leabhair teaicticí comhthreomhara i bhfeidhm agus faoi lán seoil don idirghníomhaíocht idir an tAontas Eorpach agus ECAT i réimsí amhail feasacht staide; an chibearshlándaíl; cosc géarchéime agus freagairt do ghéarchéimeanna agus cumarsáid straitéiseach.

- Rannpháirtíocht an Aontais Eorpaigh agus ECAT chomh maith le rannpháirtíocht Bhallstáit an Aontais agus chomhghuaillithe ECAT a spreagadh san obair a dhéanfaidh an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha, atá le bunú in 2017.

Feasacht staide

- Cuirfear bearta nithiúla i bhfeidhm faoi mhí Bealtaine 2017 chun roinnt faisnéise ó fhoireann go foireann a fheabhsú idir Cill um Chumasc an Aontais i gcoinne Bagairtí Hibrideacha agus a macasamhail ECAT ábhartha, i gcás faisnéis atá íogair ó thaobh ama de, lena n-áirítear trí anailís a roinnt maidir le bagairtí hibrideacha a d'fhéadfadh a bheith ann. Áireofar leis sin modhanna teicniúla a bhunú lena féidir faisnéis a bhaineann le bagairtí hibrideacha a roinnt go córasach.

Cumarsáid straitéiseach

Tá comhar idir foirne an Aontais Eorpaigh agus ECAT maidir leis an gcumarsáid straitéiseach. Idir seo agus lár na bliana 2017, déanfaidh siad an méid a leanas:

- An comhar a threisiú agus anailís treochta comhroinnte a dhéanamh ar an mífhaisnéis, lena n-áirítear trí na meáin shóisialta arna ndírú ar an Aontas agus ar ECAT; anailís ar an méid thuas a chruthú faoi dheireadh 2016; comhoibriú ar mhaithe le cáilíocht agus for-rochtain na hinsinte dearfaí a fheabhsú.

- Iarrachtaí a atreisiónn a chéile a fheabhsú maidir le tacaíocht do chumais na dtíortha comhpháirtíochta i leith na cumarsáide straitéisí lena n-áirítear trí oiliúint comhordaithe nó comhoiliúint agus trí ardáin a roinnt.
- An comhar a spreagadh idir ionad barr feabhais ECAT don chumarsáid straitéiseach agus Rannóg na cumarsáide straitéisí i SEGS (go sonrach tascfhórsaí an Oirthir agus an Deiscirt) lena n-áirítear tuilleadh oiliúna/seimineár le chéile.

Freagairt ar ghéarchéimeanna

- Ullmhacht a fheabhsú, inter alia, trí chruinnithe rialta a reáchtáil ar an leibhéal idir foirne.
- Agus aird á tabhairt do nósanna imeachta an Aontais don fhreagairt ar ghéarchéimeanna, lena n-áirítear na socruithe comhtháite i leith freagairt pholaitiúil do ghéarchéim (IPCR) agus Córas Freagartha ar Ghéarchéimeanna ECAT, iarracht a dhéanamh gníomhaíochtaí comhthreomhara an dá eagraíocht maidir le freagairt ar ghéarchéimeanna a shioncranú agus é mar aidhm tacaíocht chomhtháiteach a chur ar fáil mar fhreagairt ar bhagairtí hibrideacha.

Athléimneacht a threisiú

Músclóidh an tAontas agus ECAT feasacht maidir le ceanglais atá ann nó atá beartaithe don athléimneacht

ar mhaithe leis na Ballstáit/Comhghuaillithe. Chuige sin, ó 2017 ar aghaidh déanfar an méid a leanas:

- Treiseofar teagmhálacha idir foirne, lena n-áirítear tras-fhaisnéisithe chuig comhlachtaí faoi seach maidir le ceanglais athléimneachta.
- Ceanglais a mheas, critéir a bhunú agus treoirlínte a fhorbairt chun go mbeidh comhtháthú níos fearr idir plean forbraíochta an Aontais um chumas (CDP) agus Próiseas Pleanála um Chosaint ECAT (NDPP).
- Obair a dhéanamh chun go mbeifear in ann saineolaithe a chur ar fáil chun tacú le Ballstáit AE/ le comhghuaillithe AE, faoi lár na bliana 2017 ar bhonn comhthreomhar agus comhordaithe, arna iarraidh sin, chur teacht aniar na dtíortha sin a threisiú, bíodh sé ag céim réamhghéarchéime nó mar fhreagairt do ghéarchéim.

2. Comhar oibríochtúil lena n-áirítear saincheisteanna muirí

- Feabhas a chur faoi mhí na Nollaig 2016 ar chomhar agus ar chomhordú idir Oibríocht Sea Guardian agus EU NAVFOR MED Sophia sa Mheánmhuir, trí fhaisnéis a roinnt, tríd an tacaíocht lóistíochtúil agus trí idirghníomhaíocht phraiticiúil idir an dá oibríocht.
- Ag tógáil ar na sineirgí idir oibríocht an Aontais agus ECAT sa Mhuir Aeigéach, féachfaidh an tAontas agus ECAT ar na deiseanna chun tuilleadh comhair mhuirí a dhéanamh eatarthu sa chéad seimeastar de 2017.
- Chun tacú leis na cuspóirí thuasluaite, leanfaidh AE agus ECAT de leas iomlán a bhaint as an sásra maidir le Feasacht Chomhroinnte agus Seachaint Trasnaíle sa Mheánmhuir (SHADE MED).
- Seimineár a eagrú le linn an chéad seimeastair de 2017 maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh ag tógáil ar an taithí a fuarthas sa chomhrac i gcoinne na píoráideachta san Aigéan Indiach, agus ar na hidirghníomhaíochtaí i réigiún na Meánmhara.
- Forléargas ar na gníomhaíochtaí ábhartha muirí atá déanta ag na heagraíochtaí faoi seach a chur i dtoll a chéile le linn an chéad seimeastair de 2017 d'fhonn deiseanna breise le haghaidh idirghníomhaíocht fhéideartha a shainaitint.
- Tuilleadh comhair a fhorbairt idir ECAT agus AE maidir le cúrsaí eitlíochta sna Balcáin Thiar, lena n-áirítear tríd an bpróiseas a bhaineann leis na Cruinnithe Chun Eitlíocht sna Balcáin a Normalú (BANM).
- Minicíocht na gcruinnithe le comhpháirtithe atá rannpháirteach sna oibríochtaí faoi seach a mhéadú, ag tosnú in 2017.

3. Cibearshlándaíl agus cibearchosaint

- Le héifeacht láithreach, déanfaidh AE agus ECAT coincheapa a mhalartú lena chéile maidir le gnéithe den cibearchosaint a chomhtháthú i bpleanáil agus i gcur i gcrích misean agus oibríochtaí faoi seach chun idir-inoibritheacht i gceanglais agus i gcaighdeáin na cibearchosanta a chothú.
- Chun an comhar a neartú i réimse na hoiliúna, déanfaidh AE agus ECAT ceanglais oiliúna a chomhchuibhiú amhail ó 2017, i gcás inarb infheidhme, agus osclóidh siad cursaí oiliúna faoi seach do rannpháirtíocht fhrithpháirteach foirne.

- Taighde sa Chibearchosaint agus comhar sa Nuálaíocht Theicneolaíoch a Chothú tríd an nasc a fhorbairt idir AE, ECAT agus Ionad Barr Feabhais ECAT um Chibearchosaint d'fhonn nuálaíocht i réimse na cibearchosanta a fhiosrú: i bhfianaise cineál déúsáide an chibear-réimse, feabhsóidh AE agus ECAT idir-inoibritheacht i gcaighdeáin na cibearchosanta trí iarraidh ar an tionscal a bheith rannpháirteach i gcás inarb ábhartha.
- Comhar a neartú i gcibearghníomhaíochtaí trí rannpháirtíocht chómhalartach foirne i ngníomhaíochta faoi seach, lena n-áirítear go háirithe Cibearchomghuallaíocht agus Cibear-Eoraip.

4. Cumais chosanta

- Dul sa tóir ar chomhleanúnachas san aschur idir Próiseas Pleanála um Chosaint ECAT agus plean forbraíochta an Aontais um chumas trí theagmháil idir foirne agus trí chuireadh a thabhairt d'fhoireann an Aontais freastal ar chruinnithe scagtha NDPP agus PARP arna iarraidh sin ag na tíortha aonair atá i gceist.
- Iarracht a dhéanamh a áirithiú go mbeidh na cumais arna bhforbairt go hilynáisiúnta ag Comhghuaillithe agus ag Ballstáit ar fáil d'oibríochtaí ECAT agus an Aontais araon.
- Dul sa tóir ar chomhlántacht na dtionscnamh/na gclár ilnáisiúnta arna bhforbairt laistigh de Chosaint Cliste ECAT agus Comhthiomsú agus Comhroinnt an Aontais Eorpaigh, i réimsí an leasa choitinn, amhail athbhreoslú aer go haer, aeriompar, cumarsáid satailíte, cibearchosaint agus córais aerárthaí cianrialaithe, go háirithe trí theagmhálacha treisithe idir foirne.
- Cur níos mó le comhleanúnachas na n-iarrachtaí ilnáisiúnta trí léiriú sna treochláir chumais lena dtugtar tacaíocht do thosaíochtaí pleanála cosanta ECAT go bhfuil tionscadail ilnáisiúnta arna bhforbairt i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh ábhartha, agus trí thionscadail ilnáisiúnta arna bhforbairt i gcomhthéacs ECAT a chur san áireamh agus gníomhaíochtaí tosaíochta á meas i gcreat Phlean Forbraíochta an Aontais um Chumas.

- Leanúint de chomhar níos dlúithe idir saineolaithe ECAT agus saineolaithe AE/GAC i réimse na hEitlíochta Míleata d'fhonn iarrachtaí comhlántacha a áirithiú ar mhaithe le cosaint agus slándáil san Eoraip, go háirithe i dtaca le Straitéis Eitlíochta Míleata a fhorbairt, na socrúithe maidir le hAeracmhainneacht Mhíleata a chur chun feidhme, i dtaca le Comhtháthú Aerthráchta Córas Aerárthaí Cianphíolótaithe, agus i dtaca le slándáil eitlíochta, lena n-áirítear cibearthionscnaimh agus tionscnaimh shibhialta amhail SES/SESAR.
- Idir-inoibritheacht a fheabhsú trí idirghníomhaíocht mhéadaithe maidir le caighdeánú. D'fhonn dúbláil a sheachaint i bhforbairt caighdeán, tionscadail a shainaitheant ina bhféadfaí gníomhaíochtaí a bhaineann le caighdeánú a chomhchuíbhiú.

5. Tionscal na cosanta agus taighde

- Idirphlé a fhorbairt tuilleadh idir foirne AE agus ECAT maidir le gnéithe tionsclaíocha ag baint úsáide as na fóraim atá ann cheana.
- Feabhas a chur ar an gcomhar ar leibhéal foirne maidir le T&T i réimsí leasa choitinn.

6. Freachnaimh

- Freachnaimh chomhthreomhara chomhordaithe (PACE) a chur chun feidhme mar threoirthionscadal do 2017 agus 2018. Déanfar sin faoi cheannaireacht ECAT trí Fhreachnamh 2017 maidir le Bainistiú Géarchéime (CMX 17) agus faoi cheannaireacht AE trí Fhreachnamh Ilchisealach 2018 maidir le Bainistiú Géarchéime (ML18) nó cineálacha eile freachnamh in 2018. Bainfidh gné hibrídeach leis na freachnaimh sin.
- Iarrfar ar shaineolaithe foirne ECAT nó AE ón eagraíocht nach mbeidh freachnamh na bliana faoi seach faoina ceannaireacht rannchuidiú le pleanáil agus le cur i bhfeidhm fhreachnamh na heagraíochta a bheidh i gceannas, de mheon na cómhalartachta.
- Ceachtanna agus moltaí le roinnt a mhéid is féidir.
- Freachnaimh a eagrú do bhaill foirne ón dá thaobh in 2017 chun tástáil a dhéanamh ar na príomhghódlachtaí atá sainithe cheana féin sna leabhair teaicicí/prótacail oibríochtúla faoi seach.

- Oiliúint agus oideachas a chomhlánú inter alia trí chuireadh a thabhairt dá chéile freastal ar imeachtaí iomchuí foirne (e.g. ceardlanna, cur i láthair, freachnaimh).
- Amhail ó 2017, leanfaidh ECAT de chuireadh a thabhairt d'AE (SEGS agus an Coimisiún Eorpach) a bheith rannpháirteach i mbreathnadóireacht ar a freachnaimh mhíleata. Déanfaidh AE amhlaidh freisin.

7. Fothú acmhainní cosanta agus slándála

- Cothóidh foirne ECAT agus AE comhar, lena n-áirítear comhar ar an láthair, maidir le hacmhainní agus teacht aniar na gcomhpháirtithe a fhothú, go háirithe sna Balcáin Thiar, sa Chomharsanacht Thoir agus sa Chomharsanacht Theas, lena n-áirítear an tSeoirsia, Poblacht na Moldóive, an Úcráin, Iordáin, Maracó agus an Túinéis.
- Comhar agus an malartú saineolais a spreagadh trí Ionaid Barr Feabhais faoi seach agus gníomhaíochtaí agus cláir oiliúna eile atá ábhartha chun tacú le comhpháirtithe.
- Deiseanna a shainaithe chun go mbeidh AE agus ECAT in ann a bheith rannpháirteach i dtionscadail a chéile agus i gcláir phraiticiúla chomhpháirtíochta.
- Comhlántacht na n-iarrachtaí maidir le fothú acmhainní muirí a áirithiú.

An t-idirphlé polaitiúil idir AE agus ECAT a neartú

- Leanúint de chruinnithe rialta PSC-NAC, idir chruinnithe foirmiúla agus neamhfoirmiúla, a thionól.
- An cleachtas a shaothrú tuilleadh agus ar bhealach cothrom go dtabharfaidh gach taobh cuireadh dá chéile chuig cruinnithe ábhartha aireachta.
- Faisnéisiú trasteorann a neartú i ndáil leis na Coistí agus na Comhairlí faoi seach, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le hoibríochtaí.

Comhar leantach idir na foirne ón dá thaobh

Ó mhí Iúil 2016 i leith, tá méadú suntasach ar theagmhais foirne idir AE agus ECAT trí mheán cruinnithe rialta, ar leibhéal éagsúla, lena n-áirítear maidir le hullmhú an tacair reatha moltaí. Bunaíodh pointí teagmhála in AE agus in ECAT araon chun cumarsáid éasca agus comhar níos fearr a áirithiú. Leanfar den idirghníomhaíocht seo idir na foirne go tráthrialta chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na moltaí thuas, chun iad a fhorbairt agus chun treoracha nua a mholadh le dul chun cinn a dhéanamh agus chun tuairisciú do na Comhairlí faoi seach ar bhonn bliantúil.
